

An Bhruiséil, 23 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

14845/26

EF 275
ECOFIN 1354
ENV 1282
DELECT 165

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2026) 6909 final
Ábhar:	RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an 2.10.2026 lena gceartaítear leaganacha áirithe teanga de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí ábhar agus cur i láthair na faisnéise le nochtadh ag gnóthais faoi réir Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE a bhaineann le gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus ina sonraítear an mhodheolaíocht chun an oibleagáid nocht sin a chomhlíonadh

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 6909 final.

Faoi iamh: C(2026) 6909 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.10.2026
C(2026) 6909 final

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 2.10.2026

**lena gceartaítear leaganacha áirithe teanga de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178
lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón
gComhairle trí ábhar agus cur i láthair na faisnéise le nochtadh ag gnóthais faoi réir
Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE a bhaineann le gníomhaíochtaí atá
inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus ina sonraítear an mhodheolaíocht chun
an oibleagáid nochtá sin a chomhlíonadh**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá earráidí sna leaganacha Laitvise agus Seicise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178. Chun na leaganacha teanga sin a ailíniú leis na leaganacha teanga eile, is gá Rialachán Tarmligthe lena gceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 a ghlacadh.

2. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leis an Rialachán Tarmligthe seo, ceartaítear earráidí aistriúcháin sna leaganacha Laitvise agus Seicise den téacs.

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 2.10.2026

lena gceartaítear leaganacha áirithe teanga de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí ábhar agus cur i láthair na faisnéise le nochtadh ag gnóthais faoi réir Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE a bhaineann le gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus ina sonraítear an mhodheolaíocht chun an oibleagáid nochta sin a chomhlíonadh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088¹, agus go háirithe Airteagal 8(4), de sin,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá earráidí in Airteagal 8(3) sa leagan Seicise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 ón gCoimisiún². Sa chéad fhomhír den mhír sin, tá tréimhse thuairiscithe mhícheart ann dá bhfuil na príomhtháscairí feidhmíochta le soláthar sa ráiteas neamhairgeadais. Leis an earráid, déantar brí na forála sin a athrú, agus déantar difear dá substaint dá bharr. Eascraíonn neamhréireacht teanga as an earráid sa dara fomhír den mhír sin.
- (2) Tá earráid sna leaganacha Laitvise agus Seicise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 in Iarscríbhinn I, pointe 1.1.1, an dara fomhír, pointe (a), a mhéid a bhaineann leis an gcónasc san fhoclaíocht réamhráiteach lena gcuirtear a mhalairt de bhrí in iúl san aistriúchán.
- (3) Tá earráid sa leagan Laitvise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 in Iarscríbhinn I, pointe 1.1.1, an dara fomhír, pointe (b), a mhéid a bhaineann leis an gcónasc san fhoclaíocht réamhráiteach lena gcuirtear a mhalairt de bhrí in iúl san aistriúchán.
- (4) Dá bhrí sin, ba cheart na leaganacha Laitvise agus Seicise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 a cheartú dá réir sin. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile,

¹ IO L 198, 22.6.2020, lch. 13, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2020/852/oj>.

² Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 ón gCoimisiún an 6 Iúil 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí ábhar agus cur i láthair na faisnéise le nochtadh ag gnóthais faoi réir Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE a bhaineann le gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus ina sonraítear an mhodheolaíocht chun an oibleagáid nochta sin a chomhlíonadh (IO L 443, 10.12.2021, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2021/2178/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 2.10.2026

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN